

Gníomhaíochtaí Labhartha

An t-am

2.30

8.15

5.10

9.05

4.45

6.00

10.25

12.20

11.50

1.55

Céard a dhéanann tú gach lá?



Éirím



Ithim



Téim

Tosaím



Ólaim



Bíonn



Oibrím

Déanaim



Casaim



Tagaim



Ithim



Téim

Na briathra



Céard a dhéanann tú gach lá? Abairtí

Éirím ag ceathrú chun a seacht.

Ithim bricfeasta ag a seacht a chlog.

Téim ag obair ag leathuair tar éis a seacht.

Tosaím ag obair ag leathuair tar éis a hocht.

Ólaim cupán tae nó caifé ag a haon déag.

Bíonn lón agam ag leathuair tar éis a dó
dhéag.

Oibrím go dtí a cúig a chlog.

Déanaim an tsiopadóireacht tar éis a cúig.

Casaim le cairde sa tráthnóna.

Tagaim abhaile ag leathuair tar éis a seacht.

Ithim mo dhinnéar ag a hocht a chlog.

Téim a luí ag meán oíche.

Na briathra in abairtí



Ceisteanna in aghaidh an chloig

Cuir na ceisteanna seo ar an duine atá in aice leat. Ansin, cuirfidh an duine sin na ceisteanna ortsa.

1. An éiríonn tú roimh a seacht a chlog gach maidin?
2. An itheann tú bricfeasta folláin?
3. An dtosaíonn tú ag obair ar a naoi a chlog?
4. An dtagann tú abhaile ar a cúig a chlog?
5. An ndéanann tú dinnéar blasta gach tráthnóna?
6. An bhféachann tú ar an nuacht gach oíche?
7. An mbíonn lón agat le cairde ag an deireadh seachtaine?
8. An dtéann tú go dtí an phictiúrlann Dé hAoine?
9. An gcasann tú ar do chairde Dé Domhnaigh?